An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine
Property Services Regulatory Authority

# Plean Straitéise
## 2023 – 2026



COSAINT TRÍ RIALÁIL

# Clár

**Léargas Ginearálta ar Phlean Straitéise 2023-2026** ..... 2

**Réamhrá – Cathaoirleach an Bhoird & an Príomhfheidhmeannach** ..... 4

**1.** An Scéal go dtí seo ..... 6

**2.** Ráiteas Straitéise an Údaráis ..... 8

**3.** Cuspóirí & Aidhmeanna Straitéise go dtí an bhliain 2026 ..... 9

**4.** An Creat Forfheidhmiúcháin ..... 12

**Aguisín 1** – Comhaltaí Bhord an Údaráis ..... 13

# Léargas Ginearálta ar Phlean Straitéise 2023-2026

## Misean

Leagtar de mhisean ar an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine leas an phobail ina gcuid idirghabhála le Soláthraithe Seirbhísí Maoine a chosaint trína chinntiú, le córas ceadúnais, maoirseacht agus rialáil ar Sholáthraithe Seirbhísí Maoine, go leagtar síos caighdeáin arda agus go gcloítear leis na hardchaighdeáin sin*

## Aisling

Is é atá d'Aisling ag an Údarás earnáil seirbhísí maoine ina gcloítear le hardchaighdeáin mar chosaint don phobal

## Luachanna

- Leas an Phobail
- Rialáil
- Rialachas
- Gairmiúlacht
- Follasacht
- Dúthracht don Duine

*Áirítear le Soláthraithe Seirbhísí Maoine Ceantálaithe, Gníomhairí Eastáit, Gníomhairí Ligin agus Gníomhairí Bainistíochta.

## Cuspóirí Straitéise

### Ceadúnais & Rialáil

**Cuspóir 1:** Córas ceadúnais atá cuimsitheach nua-aimseartha a fheidhmiú agus rialáil éifeachtúil a dhéanamh ar earnáil na seirbhísí maoine

### Cosaint don Tomhaltóir

**Cuspóir 2:** Caighdeáin ghairmiúlachta a chur chun cinn, coinníollacha maidir le cáilíochtaí a leagan síos agus a chur i bhfeidhm, dul i ngleic le feidhmiú gan ceadúnas agus córas éifeachtúil gearáin agus fiosrúcháin a chur i bhfeidhm

### Stádas san Earnáil a Neartú, an tÚdarás a Chur Chun Cinn agus Feasacht a Chothú ina Leith

**Cuspóir 3:** Treisiú le stádas an Údaráis san earnáil trí chaidreamh éifeachtúil a chothú le geallsealbhóirí, leathnú le haitheantas an bhranda agus cláir chuimsitheacha a chur ar fáil go poiblí í

### Na Daoine, an Próiseas agus Athruithe

**Cuspóir 4:** Lucht saothair an Údaráis a eagrú agus a chothú, chomh maith leis na próisis, an teicneolaíocht agus na córais, ionas go sásaítear go héifeachtach riachtanais na heagraíochta agus na hearnála san am i láthair agus san am atá romhainn

## Bunghnéithe Cothaithe

- Sonraí & Tuairiscíocht
- Teicneolaíocht
- Comhar Oibre
- Cistíocht & Acmhainní
- Ceannródaíocht & Athrú

# Réamhrá – Cathaoirleach an Bhoird & an Príomhfheidhmeannach

**Is cúis áthais dúinn an ceathrú Plean Straitéise de chuid an Údaráis a chur i láthair maidir leis an tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2023 go dtí an 31 Lúnasa 2026. Bíonn dlite ar an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine gach trí bliana Plean Straitéise a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt faoi Alt 16 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011.**

Tar éis bearta leitheadacha idirchaidrimh a dhéanamh le geallsealbhóirí, tugtar na spriocanna agus na haidhmeanna a shonraítear le sainordú an Údaráis faoin reachtaíocht. Tagann tabhairt i bhfeidhm na spriocanna agus na n-aidhmeanna sin anuas ar ghnáthobair an Údaráis agus is soiléir an stiúir iad ar an Údarás maidir lena leagtar de chúram air faoin reachtaíocht a chomhlíonadh. Dá réir sin, is cáipéis bhuntábhachtach seo maidir le pleanáil ghnó an Údaráis, bainistiú cúrsaí feidhmiúcháin agus dul chun cinn a dhéanamh i rith na dtrí bliana faoi chaibidil.

Cuirfidh an Plean seo dlús breise lena bhfuil bainte amach ag an Údarás faoi na Pleananna Straitéise a chuaigh roimhe, nithe ar a n-áirítear córas ar líne maidir le ceadúnais agus íocaíochtaí, cláir níos fearr a thabhairt chun cinn agus a fhoilsiú, feabhas ar an láithreán gréasáin agus córas éifeachtúil maidir le rialáil a dhéanamh ar chaighdeáin gairmiúlachta agus iad a chur chun cinn san éarnáil, beart a dtreisítear leis le Cód Cleachtais an Údaráis a thabhairt i bhfeidhm. Ar na spriocanna eile a tugadh i gcrích faoin bPlean roimhe seo, tá próiseas éifeachtúil bainistithe gearán a chur i bhfeidhm, a dtreisítear leis le Rialacháin maidir leis na Bunchaighdeáin a fhoilsiú faoina leathnaítear le réimse na ngearán a ndéantar fiosrú ina leith, le fiosrú sa chás go dtéann daoine i mbun beartaíochta gan ceadúnas chuige agus le bainistíocht ar chiste cúitimh na hearnála.

Leis na spriocanna a leagtar amach sa Phlean, féachtar le talamh slán a dhéanamh dá bhfuil bainte amach ag an Údarás mar gheall ar an dúthracht leanúnach maidir le córas ceadúnais atá cuimsitheach nua-aimseartha a rith agus rialáil éifeachtúil a dhéanamh ar earnáil na seirbhísí maoine trí chaighdeáin ghairmiúlachta a chur chun cinn. Tá coinníollacha maidir le cáilíochtaí a chur i bhfeidhm, dul i ngleic le feidhmiú gan ceadúnas chuige agus próiseas éifeachtach gearáin agus fiosrúcháin a eagrú ar na bonnchlocha príomhthábhachta atá ag an Údarás i gcónaí maidir le rialáil éifeachtúil ar an earnáil. Tá rún chomh maith treisiú an athuair le stádas an Údaráis san earnáil trí chaidreamh éifeachtúil a chothú go leanúnach leis na geallsealbhóirí, díriú ar aitheantas níos forleithne maidir leis an mbranda agus cláir chuimsitheacha a bheith ar fáil go poiblí. Déanfar lucht saothair an Údaráis, maille leis na próisis, na gnéithe teicneolaíochta agus na córais a eagrú agus a chothú sa chaoi is go ndéantar soláthar do riachtanais na heagraíochta agus na hearnála san am i láthair agus san am atá le theacht.

Gné bhuntábhachtach den rath ar an bPlean seo is ea acmhainní airgid agus acmhainní foirne a bheith ar fáil chuige. Leanann baill foirne an Údaráis dá gcuid dúthrachta agus díograise i ndáil le seirbhís ghairmiúil ar ardchaighdeán a chur ar fáil d'earnáil na seirbhísí maoine in ainneoin éileamh níos géire agus ualach níos troime. Ba léir sin go háirithe i rith phaindéim Covid-19 tráth ar tháinig athrú tréan ar mhodh oibre an Údaráis. Cinntíodh leis an leibhéal ard éirime agus acmhainneachta san Údarás gur leanadh den obair a chur i gcrích go tráthúil. Beifear ag teacht i dtír an athuair ar an dúthracht sin agus an tÚdarás ag féachaint leis na spriocanna a leagtar amach sa Phlean seo a bhaint amach.

Go deimhin is ceann amháin de ghnéithe iomadúla a chuir isteach ar earnáil na seirbhísí maoine le blianta beaga anuas paindéim Covid-19. Tá gnéithe seachtracha eile freisin a leanfaidh an tionchar acu ar an earnáil, ina

measc rátaí athraitheacha úis, dul chun cinn nó dul ar gcúl maidir le cúrsaí eacnamaíochta agus an teacht atá ar áitribh nuair is féidir le toradh chun dochair, más i ndáil le díolachán é nó a ligean ar cíos, teacht mar gheall ar ghanntanas áitreabh, rud a bheadh ina ábhar imní maidir le seasamh soláthraithe seirbhísí maoine ar fud na hearnála. Pléadh le teann díocais agus díograise lenar chuir Covid-19 de dhúshlán roimh an Údarás agus roimh an earnáil trí chéile, agus cuirfear ar an gcuma chéanna chuig aon réimse dúshláin eile a shárú a thagann chun cinn i rith ré feidhme an Phlean seo.

Leanfaidh an tÚdarás de leas a bhaint as deiseanna nua TFC agus den úsáid is fearr agus is mó a bhaint astu ionas gur nua arís na modhanna ina ndéantar cumarsáid agus idirbheartaíocht i mbun na seirbhísí a chur ar fáil don lucht ceadúnais agus don phobal i gcoitinne.


Is mian linn an obair i gcomhar agus an cion tairbhe a dhéanann Bord an Údaráis, na Coistí, an lucht Feidhmiúcháin agus an lucht foirne ar fad a admháil, chomh maith leis an leas a bhí ag tuairimí fiúntacha na ngeallsealbhóirí seachtracha maidir leis an bPlean seo agus táimid ag tnúth le hoibriú in éineacht leis na comhghleacaithe agus na geallsealbhóirí sin ar fad i rith na mblianta atá romhainn.

> ***"Leanann baill foirne an Údaráis dá gcuid dúthrachta agus díograise i ndáil le seirbhís ghairmiúil ar ardchaighdeán a chur ar fáil d'earnáil na seirbhísí maoine in ainneoin éileamh níos géire agus ualach níos troime."***









# 1 An Scéal go dtí seo

**Cuireadh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine (an tÚdarás) ar bun i mí Aibreán 2012, de bhun an Achta um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011, ar an gcomhlacht reachtúil atá freagrach as cúrsaí ceadúnais agus rialála maidir le hearnáil na seirbhísí maoine in Éirinn.**

Tugtar léargas ginearálta anseo thíos ar obair an Údaráis ó thráth a bunaithe agus dírítear aird go sonrach ar roinnt de hathruithe agus de na réimsí dúshláin a bhain go seachtrach leis an timpeallacht ina bhfeidhmítear a ndearnadh straitéis an Údaráis a chóiriú ina leith agus a mbeidh tionchar acu ar fheidhmiú an Údaráis san am atá romhainn.

**Stair agus Beartaíocht an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine**

Léirítear sa tráthchlár seo a leanas an stair agus imeachtaí an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine ó thráth a bhunaithe sa bhliain 2012 i leith.

Cuireadh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine (an tÚdarás) ar bun i mí Aibreán 2012, de bhun an Achta um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011, ar an gcomhlacht reachtúil atá freagrach as cúrsaí ceadúnais agus rialála maidir le hearnáil na seirbhísí maoine in Éirinn.


Leagtar de chúram ar an Údarás a chinntiú gur de réir an Achta a fheidhmíonn gach duine ag a bhfuil ceadúnas seirbhísí maoine a chur ar fáil agus na caighdeáin is airde maidir le déanamh seirbhíse a chur chun cinn ionas go gcinntítear muinín ag an tomhaltóir a fhostaíonn soláthraí seirbhísí maoine (SSM).

An Cathaoirleach agus deichniúr gnáthchomhaltaí arna gceapadh ag an Aire Dlí agus Cirt atá ar Bhord an Údaráis. Déanann an Bord maoirseacht éifeachtúil ar fheidhmeanna an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine faoin Acht a chur i gcrích.

Le linn don Údarás an ráiteas Straitéise seo a ullmhú, cothaíodh caidreamh le cuid mhór geallsealbhóirí agus rinneadh, de thoradh ar an mbeartaíocht comhchaidrimh sin, spriocanna agus aidhmeanna straitéise an Údaráis ar feadh tréimhse feidhme an Phlean a leagan amach go cúramach sa chaoi is go bhfuil aird ar na riachtanais a ghabhann le gach réimse d'obair an Údaráis.

Is maith is eol don Údarás go bhféadfadh athrú a theacht ar an timpeallacht oibre i rith ré feidhme an ráiteas Straitéise seo agus go dtarlódh gá dá réir le cóiriú ar roinnt de na cuspóirí agus de na haidhmeanna a leagtar amach nó ar an ord ina mbeidís á dtabhairt i bhfeidhm, le haird i gcónaí ar ndóigh ar an bpríomhchuspóir. Beidh tuairisc á coinneáil ar gach beart a dhéantar agus á cur faoi bhráid bhord an Údaráis de réir mar is gá sin.

Tá de dhualgas ar an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine faoi Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 an comhionannas a chur chun cinn, leatrom a chosc agus cearta an duine a chaomhnú i gcás an uile dhuine lena mbíonn caidreamh ag an Údarás, lena n-áirítear foireann an Údaráis, lucht ceadúnais agus an uile dhuine eile a dtarlaíonn ceangal leo mar gheall ar dhéanamh na hoibre. Tá béim ar an gcúram ina leith sin faoi Sprioc 4 sa phlean seo.




*"Is maith is eol don Údarás go bhféadfadh athrú a theacht ar an timpeallacht oibre i rith ré feidhme an ráiteas Straitéise seo agus go dtarlódh gá dá réir le cóiriú ar roinnt de na cuspóirí agus de na haidhmeanna a leagtar amach nó ar an ord ina mbeidís á dtabhairt i bhfeidhm, le haird i gcónaí ar ndóigh ar an bpríomhchuspóir."*

# Príomhghaiscí

## 2018

- Córas iarratais ar líne maidir le ceadúnais nua
- Clár FGL i bhfeidhm
- An chéad suirbhé ar an lucht ceadúnais
- Cuireadh smachtbhannaí troma i bhfeidhm den chéad uair agus dhaingnigh an Ard-Chúirt an bhreith
- Breis margaíochta/ cumarsáide

## 2019

- An chéad chomhdháil de chuid an Údaráis
- Foilsíodh "The Impact of Regulation on the Property Services Sector"
- Toirmeasc trádála i gcoinne dhuine le ceadúnas den chéad uair
- Urghaire Ard-Chúirte in aghaidh feidmiú gan ceadúnas den chéad uair

## 2020

- Plean Straitéise 2020 – 2023
- Tosach Feidhme le hÍoscaighdeáin faoi I.R.
- Foilsíodh Comhphrótacál Earnála maidir le SSM
- D'éirigh le hachomharc faoi phointe dlí san Ard-Chúirt
- Foilsíodh I.R. maidir le hÍoschaighdeáin

## 2021

- Foilsíodh an Cód Cleachtais
- Athbhreithniú ar Phlean an Lucht Saothair
- Tús le togra PSRALicences.ie
- Bearta cigireachta sainiúla á ndéanamh

## 2022

- An 4ú Pean Straitéise á ullmhú (2023 – 2026)
- Ócáid cheiliúrtha maidir le 10 mbliana ó bhunú an Údaráis
- Seoladh Cód Cleachtais na SSM
- Cóiríodh agus seoladh PSRALicences.ie
- Seoladh láithreán gréasáin nua
- Cuireadh an Straitéis Comhchaidrimh i bhfeidhm
- Athbhreithniú FGL

# 2 Ráiteas Straitéise an Údaráis

**Tugtar léargas sa roinn seo a leanas ar ghnéithe príomhthábhachtacha na straitéise.**

## Misean an Údaráis

**Leagtar de mhisean ar an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine leas an phobail ina gcuid idirghabhála le Soláthraithe Seirbhísí Maoine a chosaint trína chinntiú, le córas ceadúnais, maoirseacht agus rialáil ar Sholáthraithe Seirbhísí Maoine, go leagtar síos caighdeáin arda agus go gcloítear leis na hardchaighdeáin sin*.**

## Aisling an Údaráis

**Is é atá d'Aisling ag an Údarás earnáil seirbhísí maoine ina gcloítear le hardchaighdeáin mar chosaint don phobal.**

## Luachanna an Údaráis

| | |
|---|---|
| **Leas an Phobail** | *Oibrítear chun a chinntiú go gcosnaítear leas an phobail an tráth céanna a gcothaítear muinín in earnáil na seirbhísí maoine* |
| **Rialáil** | *Déantar rialáil ionas go gcinntítear cosaint don tomhaltóir agus ardchaigheáin i réim ar fud na hearnála* |
| **Rialachas** | *Oibrítear go hionraic agus cinntítear go bhfuil polasaithe, córais agus gnáis rialachais i bhfeidhm atá cuí cóiriúil agus go bhfuil éifeacht leo d'fhonn ról an Údaráis a chur i bhfeidhm* |
| **Gairmiúlacht** | *Leagtar síos na caighdeáin ghairmiúlachta a mbíonn súil ag an bpobal leo ó sholáthraithe seirbhísí maoine agus cuirtear chun cinn iad* |
| **Follasacht** | *Oibrítear ar bhealach macánta le faisnéis ar fáil don phobal ó na cláir agus cothaítear caidreamh leis an tomhaltóir d'fhonn cur leis an eolas faoin rialáil ar sheirbhísí maoine* |
| **Dúthracht don Duine** | *Táthar dúthrachtach maidir leis an gcomhionannas a chur chun cinn, leatrom a chosc agus an tomhaltóir a chosaint i mbun idirghabhála leis an earnáil. Seastar leis an bhfoireann agus féachtar le timpeallacht thairbheach oibre a choinneáil ar bun inar féidir le daoine forbairt a dhéanamh agus oibriú go héifeachtúil le chéile* |

*Áirítear le Soláthraithe Seirbhísí Maoine Ceantálaithe, Gníomhairí Eastáit, Gníomhairí Ligin agus Gníomhairí Bainistíochta.

# 3 Cuspóirí & Aidhmeanna Straitéise go dtí an bhliain 2026

**Sa roinn seo a leanas, tugtar léargas ar an dóigh ina dtabharfar an straitéis i gcrích trí roinnt spriocanna agus aidhmeanna a bhaint amach atá ag teacht leis na ceithre cholún forghinearálta.**
Cuirtear bearta féidearthachta éagsúla ina mbonn treise faoi gach colún straitéise acu sin, rud a fhónann don phlean ardaidhme a chur i gcrích.

| | |
|---|---|
| **Ceadúnais & Rialáil** | *Cuspóir 1: Córas ceadúnais atá cuimsitheach nua-aimseartha a fheidhmiú agus rialáil éifeachtúil a dhéanamh ar earnáil na seirbhísí maoine* |
| **Cosaint don Tomhaltóír** | *Cuspóir 2: Caighdeáin ghairmiúlachta a chur chun cinn, coinníollacha maidir le cáilíochtaí a leagan síos agus a chur i bhfeidhm, dul i ngleic le feidhmiú gan ceadúnas agus córas éifeachtúil gearáin agus fiosrúcháin a chur i bhfeidhm* |
| **Stádas san Earnáil a Neartú, an tÚdarás a Chur Chun Cinn agus Feasacht a Chothú ina Leith** | *Cuspóir 3: Treisiú le stádas an Údaráis san earnáil trí chaidreamh éifeachtúil a chothú le geallsealbhóirí, leathnú le haitheantas an bhranda agus cláir chuimsitheacha a chur ar fáil go poiblí* |
| **Na Daoine, an Próiseas agus Athruithe** | *Cuspóir 4: Lucht saothair an Údaráis a eagrú agus a chothú, chomh maith leis na próisis, an teicneolaíocht agus na córais, ionas go sásaítear go héifeachtach riachtanais na heagraíochta agus na hearnála san am i láthair agus san am atá romhainn* |

## Bunghnéithe Cothaithe

| Sonraí agus Tuairiscíocht | Teicneolaíocht | Comhar Oibre | Cistíocht agus Acmhainní | Ceannródaíocht agus Athrú |
|---|---|---|---|---|
| baineann leis an mbéim ar thuairscí bunaithe ar shonraí i ndáil leis na spriocanna | baineann leis na hacmhainní TE is gá chun dul i ngleic le riachtanais an Údaráis faoi láthair agus san am atá le teacht ionas gur féidir leis an Údarás dul chun cinn breise a dhéanamh | baineann leis an gcomhthuiscint go mbeidh obair foirne fiúntach fónta maidir le rath agus forás ar an Údarás, go hinmheánach agus go seachtrach leis na geallsealbhóirí | baineann leis na cistí agus na hacmhainní atá ar fáil faoi láthair agus le cásanna easnaimh a thabhairt chun aire a bhféadfadh cur isteach a bheith acu ar bhaint amach na gcuspóirí straitéise | baineann leis an gceannródaíocht agus leis an stiúrthóireacht atá agus a bheidh de dhíth ionas gur féidir leis an Údarás na cuspóirí straitéise a bhaint amach |

Sa roinn seo a leanas, tugtar léiriú níos mine ar na spriocanna straitéise éagsúla a leagtar amach thuas.

## 1 Ceadúnais & Rialáil

**Cuspóir Straitéise 1** – *Córas ceadúnais atá cuimsitheach nua-aimseartha a fheidhmiú agus rialáil éifeachtúil a dhéanamh ar earnáil na seirbhísí maoine*

| | |
|---|---|
| **Aidhm 1** | Oibriú go dlúth leis an Roinn coimirce d'fhonn beart a dhéanamh i ndáil le hathruithe ar reachtaíocht an AE a théann i bhfeidhm ar rialáil SSM in Éirinn agus leanúint de chóras éifeachtúil rialála a chur ar fáil |
| **Aidhm 2** | Leasuithe cuí a fhiosrú maidir le táille ceadúnais ionas go gcinntítear acmhainní leordhóthanacha ar fáil ag an Údarás chun leanúint den rialáil éifeachtúil ar an earnáil |
| **Aidhm 3** | Deiseanna chun feabhais maidir leis an gcúrsa athnuachana ar cheadúnais a scrúdú ionas gur fearr an cás ag lucht na gceadúnas agus go maolaítear buaicthréimhsí maidir leis an ualach oibre |
| **Aidhm 4** | Cigireacht a dhéanamh go forbheartach ar SSM ionas go gcinntítear rialáil éifeachtúil ar an earnáil |

**Toradh Straitéiseach - Cuirfear forfheabhas ar rialáil earnáil na seirbhísí maoine le forbhearta idirghabhála, leasú reachtaíochta agus córas ceadúnais de chineál níos nua.**

## 2 Cosaint don Tomhaltóir

**Cuspóir Straitéise 2** – *Caighdeáin ghairmiúlachta a chur chun cinn, coinníollacha maidir le cáilíochtaí a leagan síos agus a chur i bhfeidhm, dul i ngleic le feidhmiú gan ceadúnas agus córas éifeachtúil gearáin agus fiosrúcháin a chur i bhfeidhm*

| | |
|---|---|
| **Aidhm 1** | Na caighdeáin ghairmiúlachta ar dá réir a dhéanfar i mbun seirbhísí maoine a chur chun cinn agus a fheabhsú ionas go mbeidh cosaint ar fáil do leas an tomhaltóra i mbun gnó le SSM |
| **Aidhm 2** | Ciste Cúitimh a riar ar mhaithe leis an tomhaltóir a chosaint ar mhíghníomh neamhionraic SSM agus soláthar don chúiteamh cuí sa chás go n-aontaítear go raibh cúis mhaith le gearán |
| **Aidhm 3** | Córas éifeachtúil a rith maidir le gearáin agus fiosrúchán ina leith, fiosrúchán a dhéanamh faoi chás ina n-áitítear feidhmiú gan ceadúnas chuige agus na bearta cuí a dhéanamh chun ionracas earnáil na seirbhísí maoine a chaomhnú |
| **Aidhm 4** | Forbairt Leanúnach Ghairmiúlachta a fheabhsú maidir le cúrsaí reachtaíochta agus gnóthaí eile na hearnála d'fhonn forbairt ghairmiúlachta san earnáil agus muinín an tomhaltóra a neartú |

**Toradh Straitéiseach – Cuirfear le gairmiúlacht na SSM ionas go mbeidh sin chun tairbhe an tomhaltóra i mbun gnó le lucht na hearnála**

## 3 Stádas san Earnáil a Neartú, an tÚdarás a Chur Chun Cinn agus Feasacht a Chothú ina Leith

**Cuspóir Straitéise 3** – *Treisiú le stádas an Údaráis san earnáil trí chaidreamh éifeachtúil a chothú le geallsealbhóirí, leathnú le haitheantas an bhranda agus cláir chuimsitheacha a chur ar fáil go poiblí*

| | |
|---|---|
| **Aidhm 1** | Cur le stádas an Údaráis agus le heolas an phobail ar an ról rialála, le scaipeadh lógó an Údaráis ar fud na hearnála san áireamh |
| **Aidhm 2** | Follasacht a chur chun cinn in earnáil na seirbhísí maoine trí chláir chuimsitheacha a chur ar fáil go poiblí a chuireann le heolas an phobail agus a spreagann daoine chun cinntí lán eolais a dhéanamh |
| **Aidhm 3** | Plean margaíochta agus cumarsáide den rath a leagan amach atá fiúntach ó thaobh luach an airgid agus atá éifeachtúil maidir le geallsealbhóirí a spreagadh agus an tábhacht a chur in iúl atá lena chinntiú go bhfuil ceadúnas ag SSM a fhostaítear |
| **Aidhm 4** | Cur le háisiúlacht úsáide láithreán gréasáin an Údaráis agus na gclár trí bhreis feidhmiúlachta agus idirghníomhaíochta a chuireann leis an bhfollasacht agus a spreagann deis níos fearr agus níos furasta ag an bpobal ar sheirbhísí an Údaráis |

**Toradh Straitéiseach – Dóthain faisnéise, eolais agus tuisceana i measc na ngeallsealbhóirí agus an phobail i ndáil leis an rialáil ar earnáil na seirbhísí maoine ionas go gcothaítear caidreamh forbheartach agus go gcuirtear cosc ar fheidhmiú gan ceadúnas chuige**

## 4 Na Daoine, an Próiseas agus Athruithe

**Cuspóir Straitéise 4** – *Lucht saothair an Údaráis a eagrú agus a chothú, chomh maith leis na próisis, an teicneolaíocht agus na córais, ionas go sásaítear go héifeachtach riachtanais na heagraíochta agus na hearnála san am i láthair agus san am atá romhainn*


| | |
|---|---|
| **Aidhm 1** | Oibriú go dlúth leis an Roinn coimirce ionas go gcinntítear nuachóiriú ar na córais teicneolaíochta mar chuid d'athrú digiteachta níos forleithne ar mhaithe le héifeachtúlacht na heagraíochta agus a chinntiú gur féidir leanúint go héifeachtúil dá leagtar de chúram ar an Údarás a chomhlíonadh |
| **Aidhm 2** | An struchtúr eagrúcháin leasaithe agus plean an lucht saothair a chóiriú ina dhlúthchuid den eagraíocht ionas go gcothaítear modhanna oibre níos mínchóirithe maidir leis na próisis agus na córais a fhágann gur féidir an straitéis a thabhairt i gcrích |
| **Aidhm 3** | Forbairt bhreise ar an lucht saothair agus freastal do ghluaisteacht an lucht foirne ar fud na bhfeidhmeanna éagsúla ar mhaithe le dlús breise, tuiscint níos fearr ar fud na heagraíochta agus lucht saothair níos sochóirithe |
| **Aidhm 4** | Forfheabhas ar chúrsaí rialachais trí bhearta rialta athbhreithnithe a eagrú maidir leis na próisis inmheánacha, agus féachaint go leanúnach le córais agus gnáis oibre níos fearr, níos nua agus níos míne a thabhairt i bhfeidhm |

**Toradh Straitéiseach – Baill foirne, córais agus deiseanna mar is cuí ar fáil d'fhonn sainordú an Údaráis faoin reachtaíocht a chomhlíonadh go críochnúil éifeachtach**

# 4 An Creat Forfheidhmiúcháin

**Tá creat forfheidhmiúcháin daingean curtha ar bun d'fhonn na cuspóirí agus na haidhmeanna straitéise a leagtar amach sa Phlean Straitéise 2023 - 2026 a thabhairt i gcrích agus déantar soláthar leis an gcreat sin do mhonatóireacht agus do thuairiscí rialta ar feadh ré feidhme na straitéise.**

Tá léiriú ar na príomhghnéithe a bhaineann leis an gcreat oibre ar fáil ón léaráid seo a leanas.




Beidh plean mionsonraithe forfheidhmiúcháin ina bhonn treise faoin gcreat forfheidhmiúcháin seo. Leagfar amach sa phlean forfheidhmiúcháin na príomhghníomhartha is gá chun gach aidhm straitéise faoi leith a thabhairt i gcrích. D'fhonn súil a choinneáil ar an dul chun cinn, beidh an duine/dream lena mbaineann an gníomh, tráthchláir na spriocanna agus stádas na ngníomhartha á lua.

Déanfaidh Meitheal Feidhmiúcháin an Údaráis athbhreithniú agus monatóireacht go tráthrialta de réir sceidil amach go dtí an bhliain 2026 ar an dul chun cinn maidir le cuspóirí agus aidhmeanna an Phlean Straitéise agus, de réir mar is gá, déanfar leasú agus cóiriú i ndáil le hathrú ar an timpeallacht go hinmheánach nó go seachtrach.

Beidh dúthracht, díograis agus díocas an uile dhuine d'fhoireann na heagraíocht de dhíth chun na spriocanna straitéise a bhaint amach.

Aguisín

# 1 Comhaltaí Bhord an Údaráis

Comhaltaí Bhord an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine mar a bhí i mí na Nollag 2022:


Michael Quinlan Uasal, Cathaoirleach


Emer Byrne Uasal


Séamus Clifford Uasal


Ella Dunphy Uasal


Hilary Griffey Uasal


An Dr Aideen Hayden


Gordon Hughes Uasal


Geraldine Hynes Uasal


Orla Moran Uasal


Áine Myler Uasal


An Dr Muiris Ó Céidigh

# Notaí

# Notaí

# Notaí

An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine
Property Services Regulatory Authority

**An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine**
Foirgnimh na Mainistreach
Bóthar na Mainistreach
An Uaimh
Co. na Mí
C15 K7PY

**Teileafón:** (046) 9033800
**Facs:** (046) 9033888
**Teileafón:** info@psr.ie
**Láithreán Gréasáin:** www.psr.ie